



Council of the
European Union

Brussels, 6 July 2023

11526/23

Interinstitutional File:
2023/0019 (NLE)

JUR 436
PECHE 270

LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF

Subject: Council Regulation on the allocation of the fishing opportunities under the Protocol on the implementation of the Sustainable Fisheries Partnership Agreement between the European Union and the Republic of Madagascar (2023-2027)
(ST 9812/23, 19 June 2023)

LANGUAGE concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

TIME LIMIT for the observations by Member States: 3 days

OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu
(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)

CEARTÚCHÁN

**ar Rialachán (AE) 2023/ ... ón gComhairle an... maidir le cionroinnt na ndeiseanna
iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe
Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht
Mhadagascar (2023-2027)**

(ST 9812/23, 19 Meitheamh 2023)

1. Ar leathanach 2, in aithris (3),

in ionad:

‘An 4 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Madagascar chun Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFA) agus Prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta) a thabhairt i gcrích.’,

léitear:

‘An 4 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Madagascar chun Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta) agus Prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta) a thabhairt i gcrích.’.

2. Ar leathanach 2, in aithris (4), an chéad abairt:

in ionad:

‘Idir mí Iúil 2018 agus mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí ocht mbabhta caibidlíochta ann le Madagascar maidir leis an gcomhaontú agus an prótacal. Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú agus leis an bPrótacal an 28 Deireadh Fómhair 2022.’,

léitear:

‘Idir mí Iúil 2018 agus mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí ocht mbabhta caibidlíochta ann le Madagascar maidir leis an gComhaontú agus an Prótacal. Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú agus leis an bPrótacal an 28 Deireadh Fómhair 2022.’.

3. Ar leathanach 3, in aithris (6):

in ionad:

‘Ba cheart na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le stoic éisc mhórimirceacha, arna mbunú i gcomhréir leis na moltaí agus na rúin a ghlac an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, a chionroinnt ar na Ballstáit le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail.’,

léitear:

‘Ba cheart na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le stoic éisc mhórimirceacha, arna mbunú i gcomhréir leis na moltaí agus na rúin a ghlac an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, a chionroinnt ar na Ballstáit ar feadh thréimhse iomlán chur i bhfeidhm an Phrótacail.’.

4. Ar leathanach 3, in aithris (7), an dara habairt:

in ionad:

‘Dá bhrí sin, beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal ón ...⁺⁺⁺ ar aghaidh, faoi réir a shínithe, nó ó dháta a shínithe má tharlaíonn sé sin tar éis an 1 Iúil 2023, chun gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais a cheadú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,’

léitear:

‘Dá bhrí sin, beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal ón ...⁺⁺⁺ ar aghaidh, go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, chun gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais a cheadú a luaithe is féidir. Ar chúiseanna práinne, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsihe,’.

5. Ar leathanach 4, in Airteagal 1:

in ionad:

‘Déanfar na deiseanna iascaireachta arna mbunú leis an bPrótacal a chionroinnt mar a leanas ar na Ballstáit le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Phrótacail.’,

léitear:

‘Déanfar na deiseanna iascaireachta arna mbunú leis an bPrótacal a chionroinnt mar a leanas ar na Ballstáit ar feadh thréimhse iomlán chur i bhfeidhm an Phrótacail.’.

6. Ar leathanach 4, in Airteagal 1, pointe a):

in ionad:

‘báid saighneoireachta tuinníní:

An Spáinn:	16	soithí
An Fhrainc:	15	soithí
An Iodáil:	1	soitheach
Iomlán 32		shoitheach;’.

léitear:

‘báid saighneoireachta tuinníní:

An <u>Spáinn:</u>	<u>16</u>	<u>shoitheach</u>
<u>An Fhrainc:</u>	<u>15</u>	<u>shoitheach</u>
<u>An Iodáil:</u>	1	soitheach
Iomlán	32	shoitheach;’.

7. Ar leathanach 4, in Airteagal 1, pointe b),

in ionad:

‘báid spiléireachta ar mó ná 100 a n olltonnáiste ;

An Spáinn: 7 soithí

An Fhrainc: 5 soithí

An Phortaingéil: 1 soitheach

Iomlán 13 shoitheach;’,

léitear:

‘báid spiléireachta ar mó ná 100 a n olltonnáiste ;

An Spáinn: 7 shoitheach

An Fhrainc: 5 shoitheach

An Phortaingéil: 1 soitheach

Iomlán 13 shoitheach;’.

8. Ar leathanach 5, in Airteagal 1, pointe c),

in ionad:

‘báid spiléireachta nach mó ná 100 a n olltonnáiste;

An Fhrainc: 20 soithí

Iomlán 20 soitheach;’,

léitear:

‘báid spiléireachta nach mó ná 100 a n olltonnáiste;

An Fhrainc: 20 soitheach

Iomlán 20 soitheach;’.
